

Lá don Bheatha 2015

'Gean don Bheatha, Glacadh le Bás'

Photo © L'Osservatore Romano



Nach mór an bhréag í ...
a chur ina luí ar dhaoine
nach fiúntach é an saol
a chaitear ag déileáil
le breoiteacht
tromchúiseach!

PÁPA PROINSIAS



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
LINCINNELL, BAILE NA HÉIREANN, ÉIRE

Maidin Shathairn amháin, thit Caitlín, seanmháthair ghrámhar, i bhfanntais sa bhaile agus tógadh chun an ospidéal go tapaidh í. Thug na comharthaí luath le fios gur stróc a bhí i gceist. Labhair na dochtúirí faoi cé chomh criticiúil is a bhí an chéad ceithre huairte fichead; agus ba chosúil nach mairfeadh Caitlín i bhfad. Cuireadh fios ar an sagart agus fuair Caitlín Ola na nEaslán. Bhí na dochtúirí ag caint faoi dhamáiste inchinne agus faoi cé chomh indéanta 'is a bheadh idirghabhálacha éagsúla. Go tobann bhí clann Chaitlín ag plé le ceisteanna móra. Cad a d'iarrfadh Caitlín í féin, agus conas a d'fhéadfadh an Eaglais cabhrú le haon chinntí a threorú? Conas is féidir linn glacadh le bás nuair a thagann sé agus gear a bheith againn don bheatha nuair is féidir linn?

Le déanaí tá dul chun cinn teicneolaíochta agus leighis ann a chabhraíonn le daoine a bhfuil breoiteacht ainsealach acu cóireálacha tarthála a fháil. Is féidir linn a bheith fíor buíoch as na hairleacain sin. Ach ag an am chéanna tá an bás i ndán dúinn go léir. Mar thoradh ar an dul chun cinn, thuas luaite, tá orainn anois cinnteoireacht níos casta a dhéanamh faoi chóireáil chuí dóibh siúd atá ag déileáil le breoiteacht tromchúiseach.

Ag deireadh an tsaoil, tá dhá smaoineamh ann a d'fhéadfadh cabhrú linn.

Is é an chéad smaoineamh ná go bhfuil grá againn go léir don bheatha. Tá grá ag Dia do chách agus is bronntanas lómhar í an bheatha nach ceart í a dhíothú nó faillí a dhéanamh uirthi. Tá sé mícheart deifir nó luath a chur ar an mbás. Cuirfidh Dia glaoch orainn ina am trátha féin.

Is é an dara smaoineamh ná go nglacaimid leis an mbás. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon oibleagáid ann cóir leighis a leanúint nuair nach fiú é – nuair nach bhfuil aon éifeacht ann nó go bhfuil dochar á dhéanamh aige don othar.

Ní mór dúinn a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a chuireann bagairt ar an mbeatha. Go hidéalach, ní mór na cinntí deacracha, tábhachtacha seo a phlé le daoine eile – ár céile, ár siblíne, agus baill d'ár teaghlach leathnaithe. Ag deireadh, is sa teaghlach, ach go háirithe, ba chóir go mbeadh an áit phribhléideach ina tharlaíonn tuiscint agus comthacaíocht.

Uaireanta is gá cinntí deacra a dhéanamh agus is ceart tuairimí an teaghlach agus tuairimí saineolaithe a chur san áireamh. Ag plé len a léithéid, tig leis na ceisteanna bunúsacha seo a leanas ár gcinntí a threorú:

- An bhfuil an cinneadh seo grámhar don bheatha?
- An nglacann an cinneadh seo le ceist dhosheachanta an bháis?

Ag brath ar na cúinsí éagsúla ba chóir dúinn iarracht a dhéanamh freagra dearfach a thabhairt don dá cheist thuas luaite, mar is bronntanas ó Dhia í an bheatha, agus níl sa bhás ach geata isteach go saol nua leis.

Lá don Bheatha 2015 Paidir

Paidir le haghaidh bás maith, trí idirghuí Naomh Iósaef:

A Iósaef bheannaithe, a déag i mbachlann Iosa agus Muire, faigh an grásta seo dom: go bhfaighe mé bás le moladh, ag rá i spiorad, muna féidir liom na focail a rá: 'A Iósa, a Mhuire agus a Iósaef, tugaim daoibh mo chroí agus m'anam.'
Áiméan.

Ceiliúrtar 'Lá don Bheatha' go bliantúil ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Lá tiomanta atá ann chun feasacht a ardú maidir le brí agus luach an bheatha daonna ag gach céim agus i ngach riocht.



VERITAS
www.veritas.ie



www.catholicbishops.ie



Irish Catholic
Bishops' Conference



www.youtube.com/user/
IrishCatholicBishops



@catholicbishops

